

LAW REFORM
COMMISSION/COIMISIÚN UM
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2013

AN COIMISIÚN

Tá Uachtarán, Coimisinéir lánaimseartha amháin agus triúr Coimisinéirí páirtaimseartha ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí. Ba iad seo a leanas a bhí ar an gCoimisiún in 2013:

An Breitheamh Onórach John Quirke

Uachtarán

Finola Flanagan BL

Coimisinéir Lánaimseartha

An tOllamh Donncha O'Connell, Dámh an Dlí, OÉ Gaillimh

Coimisinéir Páirtaimseartha

Marie Baker SC

Coimisinéir Páirtaimseartha

Tom O'Malley BL

Coimisinéir Páirtaimseartha

FOIREANN TAIGHDE AN CHOIMISIÚIN

Stiúrthóir Taighde:

Raymond Byrne

Bainisteoir Tionscadail maidir le Rochtain ar Reachtaíocht:

Alma Clissmann

Bainisteoir Cúnta Tionscadail maidir le Rochtain ar Reachtaíocht:

Jane Murphy (ó Mheán Fómhair 2013)

TAIGHDEOIRÍ DLÍ¹

Joseph Harrington, Morgan Harris, Colm Kitson, Kate McGovern, Kerri McGuigan, Karen McLaughlin, Aidan McMahon, Sarahrose Murphy, Roz O'Connell, Aileen O'Leary, Fiona O'Regan, Denise Roche, Emma Roche-Cagney, Mary Travers.

FOIREANN RIARACHÁIN AN CHOIMISIÚIN

Ceann Riaracháin: Ciara Carberry

¹ Ní raibh na baill go léir den fhoireann taighde fostaithe ar feadh na bliana iomláine féilire

Bainisteoir Faisnéise Dí: Órla Gillen (ó Bhealtaine 2013)
Conor Kennedy (go dtí Márta 2013)

Oifigigh Feidhmiúcháin: Deirdre Bell (go dtí Iúil 2013)
Deirdre Fleming (ó Lúnasa 2013)

Oifigeach Foirne: Annmarie Cowley

Oifigigh Chléireachais: Ann Browne
Liam Dargan
Joseph Cooke

CLÁR NA NÁBHAR

BROLLACH	5
CAIBIDIL 1	
RÉAMHRÁ	
Forbhreathnú ar obair an Choimisiúin in 2013	6
Feidhmeanna an Choimisiúin	
Ráiteas Straitéise 2012-2014	7
Modhanna Oibre agus Próiseas Comhchomhairle	8
CAIBIDIL 2	
ATHCHÓIRIÚ DLÍ: FAOMHADH AN CHEATHRÚ CLÁR, DUL CHUN CINN AR CHUR I gCRÍCH AN TRÍÚ CLÁR, AGUS CUR CHUN FEIDHME OBAIR AN CHOIMISIÚIN	
A. Faomhadh an Cheathrú Clár um Athchóiriú Dlí	11
B. Dul chun cinn ar chur i gcrích an Tríú Clár agus cur chun feidhme Mholtaí an Choimisiúin in 2013	11
CAIBIDIL 3	
ROCHTAIN AR REACHTAÍOCHT	
A. An tEolaire Reachtaíochta	21
B. Liosta Aicmithe Reachtaíochta	22
C. Achtanna Athbhreithnithe	22
CAIBIDIL 4	
RIARACHÁN	
A. Réamhrá	23
B. An Coimisiún	23
C. An Coiste Bainistíochta	23
D. An Fhoireann Riaracháin	23
E. An Fhoireann Taighde agus Leabharlainne	24
F. Airgeadas	25
G. Éifeachtúlacht Fuinnimh	25
H. Socruithe Rialachais	25
Aguisín	
Cairt Eagraíochta	27

BROLLACH

Thar ceann an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2013 a chur i láthair.

Nuair a ceapadh an Coimisiún reatha i lár na bliana 2012, ba iad na tosaíochtaí a bhí ann i dtosach na tionscadail a bhí fanta sa Tríú Clár um Athchóiriú Dlí a chur i gcrích agus an Ceathrú Clár a fhorbairt ina bhféachfar ar shaincheisteanna tábhachtacha dlí a bhfuil athchóiriú dlí de dhíth orthu.

Sa dréacht-Tuarascáil seo, aithnítear an dul chun cinn a rinneadh ar na hábhair sin i rith 2013 lena n-áirítear faomhadh ár gCeathrú Clár ag an Rialtas i mí Dheireadh Fómhair agus cur i gcrích agus foilsiú Tuarascálacha maidir le Gnéithe Dlí Shibhialta de chásanna Daoine atá ar larraidh, Seirbhís Ghiúiré, Pianbhreitheanna Sainordaitheacha, Cionta Gnéasacha agus Cumas chun Toiliú, agus Gnéithe d'Fhoréigean Baile.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomh-Choimisinéirí Finola Flanagan, Tom O'Malley, Marie Baker agus Donncha O'Connell as a dtiomantas, a gcuid oibre, agus a dtacaíocht i rith 2013.

Mar Choimisinéirí, táimid faoi chomaoin ag an raon leathan daoine a chuireann leis an gCoimisiún agus a chabhraíonn leis a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Is mian liom aitheantas ar leith a thabhairt don obair a bhíonn ar siúl ag foireann an Choimisiúin – foireann atá beag agus tiomanta – idir an fhoireann taighde agus riaracháin, don chomhairle agus don chabhair dheonach a fhaigheann an Coimisiún ón raon mór daoine agus grúpaí lena dtéann sé i gcomhairle, agus don chomhoibriú agus don chúirtéis a fhaigheann an Coimisiún ó ranna rialtais agus, go háirithe, ón Ard-Aighne agus óna hOifig.

Tá méid suntasach oibre curtha i gcrích go dtí seo, agus tá méid mór eile le déanamh i gcónaí. Tuigim go rímhaith go bhfuil an Coimisiún, na baill foirne, agus an lucht bainistíochta tiomanta do shársheirbhís a chur ar fáil agus do Cheathrú Clár den chéad scoth a sholáthar.

Tá mé ag súil le dul ag obair i gcomhar leo agus muid ag dul i ngleic leis na dúshláin a bhainfidh le hathchóiriú bríoch ar dhlíthe na hÉireann a sheachadadh sna blianta amach romhainn.

An Breitheamh Onórach John Quirke,
UACHTARÁN

Meán Fómhair 2014.

CAIBIDIL 1

RÉAMHRA

FORBHREATHNÚ AR OBAIR AN CHOIMISIÚIN IN 2013

Is é ról an Choimisiúin faoin *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*, an dlí a choimeád faoi bhreithniú, moltaí a dhéanamh d'fhonn an dlí a athchóiriú, agus an dlí reatha a dhéanamh inrochtana. Is iad seo a leanas na príomhfhorbairtí a rinneadh in 2013:

- *Faomhadh an Cheathrú Clár um Athchóiriú Dlí ag an Rialtas*
Tar éis comhchomhairle poiblí forleathan, d'fhaomh an Rialtas moladh an Choimisiúin chun taighde agus tuarascáil a dhéanamh ar aon tionscadal déag don *Cheathrú Clár um Athchóiriú Dlí* dá chuid i mí Dheireadh Fómhair 2013 de réir Acht 1975.
- *Foilsíú sé Thuarascáil agus trí Pháipéar Ceisteanna*
D'fhoilsigh an Coimisiún na sé Thuarascáil seo a leanas in 2013:
 1. *Tuarascáil maidir le Gnéithe Dlí Shibhialta de chásanna Daoine atá ar Iarraidh* (LRC 106-2013)
 2. *Tuarascáil maidir le Seirbhís Ghiúiré* (LRC 107-2013)
 3. *Tuarascáil maidir le Pianbhreitheanna Sainordaitheacha* (LRC 108-2013)
 4. *Tuarascáil maidir le Cionta Gnéasacha agus Cumas chun Toiliú* (LRC 109-2013)
 5. *Tuarascáil maidir leis an gCeathrú Clár um Athchóiriú Dlí* (LRC 110-2013)
 6. *Tuarascáil maidir le Gnéithe d'Fhoréigean Baile* (LRC 111-2013)D'fhoilsigh an Coimisiún na trí Pháipéar Ceisteanna seo a leanas:
 1. *Páipéar Ceisteanna maidir le Foréigean Baile: Bannaí* (LRC IP 1-2013)
 2. *Páipéar Ceisteanna maidir le Foréigean Baile: Ciapadh* (LRC IP 2-2013)
 3. *Páipéar Ceisteanna maidir le Reachtaíocht um Chomhdhlúthú Fianaise* (LRC IP 3-2013)
- *Rochtain ar reachtaíocht*
Áirítear na nithe seo a leanas san obair atá déanta ag an gCoimisiún maidir le rochtain ar reachtaíocht:
 1. Nuashonruithe ar an Eolaire Reachtaíochta, an t-innéacs ar líne d'athruithe reachtacha ar Achtanna agus Ionstraimí Reachtúla
 2. Nuashonruithe ar an Liosta Aicmithe Reachtaíochta, ina gcuimsítear os cionn 2,000 Acht atá i bhfeidhm arna n-eagrú faoi 36 theideal ábhair; agus ullmhú Liosta Aicmithe Ionstraimí Reachtúla
 3. Nuashonruithe ar os cionn 180 Acht Athbhreithnithe, ar Achtanna iad arna leasú ina léirítear na hathruithe a rinneadh ó achtaíodh iad

FEIDHMEANNA AN CHOIMISIÚIN

Tá an Coimisiún ina chomhlacht reachtúil arna bhunú leis an *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*, lena gceanglaítear ar an gCoimisiún an dlí a choimeád faoi

athbhreithniú agus taighde a dhéanamh d'fhonn an dlí a athchóiriú. Áirítear na nithe seo a leanas sa sainmhíniú atá ar athchóiriú dlí:

- forbairt an dlí
- códú an dlí (lena n-áirítear a shimplíú agus a fhreacnairciú)
- athbhreithniú agus comhdhlúthú an dlí reachtúil

Tá os cionn 190 doiciméad (Páipéir Ceisteanna, Páipéir Chomhchomhairle, Páipéir Oibre agus Tuarascálacha) ina bhfuil moltaí le haghaidh athchóiriú dlí foilsithe ag an gCoimisiún ó bunaíodh é. Tá liosta iomlán d'fhoilseacháin an Choimisiúin ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin ag www.lawreform.ie, áit a bhfuil na foilseacháin uile ar fáil lena n-íoslódáil saor in aisce.

Cláir um Athchóiriú Dlí agus Iarrataí ón Ard-Aighne

Baineann obair thaighde an Choimisiúin le dhá fhoinsé go príomha:

- Cláir um Athchóiriú Dlí a n-ullmhaíonn an Coimisiún iad agus a nglacann an Rialtas leo agus a gcuirtear iad faoi bhráid Thithe an Oireachtais
- Iarrataí ón Ard-Aighne i ndáil le hábhair ar leith

Tá trí *Chlár um Athchóiriú Dlí* ag an gCoimisiún go dtí seo: *1977-1999*, *2000-2007* agus *2008-2014*. D'fhaomh an Rialtas an *Ceathrú Clár um Athchóiriú Dlí* de chuid an Choimisiúin an 8 Deireadh Fómhair 2013.

Forbairt agus Faomhadh an Cheathrú Clár

Rinne an Coimisiún gníomh comhairliúcháin phoiblí forleathan idir Deireadh Fómhair 2012 agus Meán Fómhair 2013 chun dréacht den Cheathrú Clár um athchóiriú dlí a forbairt. Rinne an Rialtas an dréacht sin a fhaomhadh i nDeireadh Fómhair 2013.

Ó 2006, is cuid d'obair an Choimisiúin an reachtaíocht a dhéanamh níos inrochtana don phobal. Táirgeann an Coimisiún na nithe seo a leanas:

- an tEolaire Reachtaíochta, treoir inchoardaithe ar líne maidir le hathruithe reachtacha. Déantar an tEolaire a nuashonrú go rialta agus a fhoilsiú ar láithreán gréasáin Leabhar Reachtaíochta na hÉireann. Cuimsítear Eolaire ar Ionstraimí Reachtúla idir 2000 agus 2014 leis sin.
- an Liosta Aicmithe Reachtaíochta. Rinneadh an liosta sin a nuashonrú agus a fhoilsiú faoi dhó le linn 2013. Cuireadh tús le tréimhse comhchomhairle le ranna rialtais in 2013 maidir leis an obair leanúnach atá á déanamh chun Ionstraimí Reachtúla atá i bhfeidhm a aithint agus chun iad a aicmiú lena máthair-achtanna.
- Achtanna Athbhreithnithe: Rinneadh 180 Acht Athbhreithnithe lena n-áirítear Achtanna ó 2006 i leith a ndearnadh leasuithe ar an téacs iontu, seachas Achtanna Airgeadais agus Achtanna Leasa Shóisialaigh, a fhoilsiú agus a chothabháil.

Pléitear an forbairt a rinneadh in 2013 ar an tionscadal 'Rochtain ar Reachtaíocht' i gCaibidil 3.

RÁITEAS STRAITÉISE 2012-2014

I *Ráiteas Straitéise 2012-2014* de chuid an Choimisiúin, soláthraítear an creat le haghaidh obair an Choimisiúin sa tréimhse trí bliana atá cuimsithe. Léirítear sa *Ráiteas Straitéise* tuairimí an Choimisiúin ar nithe is gá a dhéanamh chun an chuid is fearr a bhaint as an méid a chuireann an Coimisiún leis an athchóiriú dlí agus chun a áirithiú go bhfeidhmíonn an eagraíocht chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir agus go mbaintear an úsáid is fearr as na hacmhainní atá ar fáil. Is é seo a leanas Ráiteas Misin an Choimisiúin: "an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú

neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach, le moltaí iarmhartacha maidir le hathchóiriú dlí agus leis an dlí reatha a dhéanamh inrochtana do chách". Amhail na ráitis a bhí ann roimhe sin, leagtar amach sa *Ráiteas Straitéise* príomhchuspóirí an Choimisiúin don tréimhse 2012-2014, lena n-áirítear freagrachtaí agus cuntasachtaí soiléire chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Príomhchuspóirí sa *Ráiteas Straitéise*

Aithnítear trí Phríomhchuspóir i *Ráiteas Straitéise 2012-2014*. Is iad sin:

Príomhchuspóir 1: Athchóiriú an Dlí

An dlí a athbhreithniú agus taighde a dhéanamh d'fhonn dlí na hÉireann a fhorbairt, a shimpliú, a nua-aoisiú agus a chódú.

Príomhchuspóir 2: Rochtain ar Reachtaíocht

Reachtaíocht ina riocht reatha a dhéanamh inrochtana go héasca ar líne don phobal, mar a leasaítear seachas mar a achtaítear, agus faisnéis ghaolmhar a chur ar fáil.

Príomhchuspóir 3: Riaradh

Seirbhísí riaracháin chorparáidigh agus gnó chorparáidigh atá éifeachtach, nua-aimseartha agus gairmiúil a chur ar fáil don Choimisiún chun tacú leis a chuid cuspóirí a bhaint amach.

Leantar ord na bPríomhchuspóirí sin sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

MODHANNA OIBRE AGUS AN PRÓISEAS COMHCHOMHAIRLE

Tá obair an Choimisiúin bunaithe ar thaighde cúramach críochnúil. Tuigean an Coimisiún an tábhacht a bhaineann lena áirithiú go bhfuil a chuid moltaí le haghaidh athchóiriú bunaithe ar chleachtas. Le linn moltaí a ullmhú, téitear i mbun comhchomhairle le páirtithe leasmhara lena n-áirítear cleachtóirí dlí, daoine gairmiúla ábhartha eile, comhlachtaí ionadaíoch, lucht polaitíochta, comhaltaí den Rialtas agus baill foirne Ranna agus Oifigí Rialtais, agus baill den phobal ar mian leo dul i dteagmháil leis an gCoimisiún. Cuirtear tuairimí agus taithí na ndaoine sin san áireamh i bhfoilseacháin an Choimisiúin.

Modheolaíocht

D'fhonn na spriocanna atá leagtha amach sa Chlár um Athchóiriú Dlí dá chuid agus in iarrataí ón Ard-Aighne a chur i gcrích, sanntar gach tionscadal do Thaighdeoirí a bhíonn ag obair faoi threoir ghinearálta an Stiúthóra Taighde. I gcás an tionscadail 'Rochtain ar Reachtaíocht', oibríonn taighdeoirí faoi threoir an Bhainisteora Tionscadail.

Déanann an Coimisiún a chuid oibre a chur i gcrích agus a athbhreithniú de réir an Phlean Gnó bhliantúil dá chuid.

An próiseas comhchomhairle

Tá comhchomhairle ríthábhachtach d'obair an Choimisiúin. D'fhéadfadh cineálacha éagsúla a bheith i gceist leis an gcomhchomhairle, mar shampla cruinnithe le saineolaithe nó le cleachtóirí a oibríonn i réimse ar leith, nó le hionadaithe ó ghrúpaí sainleasa. Ina theannta sin, ullmhaíonn agus foilsíonn an Coimisiún doiciméid chomhairliúcháin amhail Páipéir Ceisteanna agus Páipéir Chomhchomhairle. Soláthraítear próiseas struchtúrtha iontu sin ina lorgaítear aighneachtaí i scríbhinn ó pháirtithe leasmhara. Cuirfear na haighneachtaí sin san áireamh i ndruchtú na Tuarascála deiridh ar an ábhar, agus pléifear sa Tuarascáil le haon saincheist nó le

haon ábhar imní a tharraingítear anuas iontu. Roimh dhréachtú na Tuarascála, tionóltar seimineár de ghnáth agus tugann an Coimisiún cuireadh do pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil aighneacht déanta acu, bheith i láthair.

Déanann an Coimisiún dréacht-Bhille a chur san áireamh i ngach Tuarascáil ina ndéanann sé moltaí faoina n-éilítear athrú reachtach de réir a shainchúraim reachtúil faoi Acht 1975 dréacht-reachtaíocht a chur san áireamh i gcás ina bhfuil athchóiriú ar an dlí á mholadh aige.

Téann an Coimisiún i gcomhairle le páirtithe leasmhara i dtaca leis an tionscadal ‘Rochtain ar Reachtaíocht’, lena n-áirítear Oifig an Ard-Aighne, ranna rialtais, an lucht dlí, agus an pobal i gcoitinne. Tugann an Coimisiún aird d’fhorbairtí i straitéis r-Sheirbhísí Reachtaíochta an Rialtais agus do nua-aoisiú leanúnach Leabhar Reachtaíochta na hÉireann i gcomhthéacs *Rialáil Níos Fearr* a bhfuil glacadh idirnáisiúnta níos forleithne leis.

D’fhonn an inrochtaineacht a éascú, tá gach ceann d’fhoilseacháin an Choimisiúin (lena n-áirítear comhchomhairle) le fáil ar líne ar láithreáin gréasáin an Choimisiúin nó Leabhar Reachtaíochta na hÉireann.

Cumarsáid le ranna rialtais

Bíonn an Coimisiún i mbun cumarsáide le ranna rialtais maidir le tionscadail reatha agus tionscadail amach anseo araon. Buaileann an Coimisiún leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais faoi dhó sa bhliain chun ábhair leasa choitinn a athbhreithniú agus a phlé, ábhair a bhaineann leis an dlí coiriúil agus ábhair a bhaineann leis an dlí sibhialta araon.

Cruinniú le Coiste Comhairleach an Ard-Aighne

Tá ionadaithe ó ranna rialtais áirithe, ó Chomhairle Bharra na hÉireann, ó Dhlí-Chumann na hÉireann, agus ó Oifig an Ard-Aighne ar Choiste Comhairleach an Ard-Aighne. I Meitheamh 2013, bhuaileann an Coimisiún le Coiste Comhairleach an Ard-Aighne chun an dréacht den Cheathrú Clár um Athchóiriú Dlí a phlé.

Cruinnithe le Coistí Oireachtais

Bíonn cruinnithe tréimhsiúla ag an gCoimisiún le Comhchoiste an Oireachtais um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Comhionannas chun clár oibre an Choimisiúin a phlé. Bíonn cruinnithe ag an gCoimisiún le Coistí Oireachtais eile ó am go chéile. I Meán Fómhair 2013, phléigh an Coimisiún an dréacht dá Cheathrú Clár le Comhchoiste an Oireachtais um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Comhionannas.²

Comhdhálacha, cuairteanna agus teagmháil leis na meáin

Freastalaíonn na Coimisinéirí agus an fhoireann taighde ar sheimineáir phoiblí agus ar chomhdhálacha poiblí go minic. Is minic a ghlacann siad páirt iontu freisin. Cothaítear teagmhálacha le comhlachtaí athchóirithe dlí i ndlínsí eile freisin trí bheith ag freastal ar sheimineáir ábhartha agus trí chuairteanna ó chomhlachtaí eile athchóirithe dlí a óstáil. Go ginearálta, feidhmíonn Coimisinéirí a bhfuil ról comhordaithe agus príomhról acu i dtionscadail ar leith agus an Stiúrthóir Taighde mar urlabhraithe ar son an Choimisiúin leis na meáin.

² Le fáil ag

<http://oireachtasdebates.oireachtas.ie/Debates%20Authoring/DebatesWebPack.nsf/committeetakes/JUJ2013092500008?opendocument#J00100>

I rith 2013, rinne an Coimisiún iniúchadh córasach ar conas a chuireann sé a phríomhfheidhmeanna i gcrích lena áirithiú go bhfuil an úsáid is fearr agus is féidir á baint as a chuid acmhainní ar fad chun sársheirbhís thráthúil ábhartha a sholáthar don Rialtas agus don pobal.

Ní hionann an Ceathrú Clár um Athchóiriú Díl agus na cláir a chuaigh roimhe sa mhéid is go sainmhínítear agus go ndeartar na tionscadail arna roghnú go cúramach ionas gur féidir iad a sheachadadh laistigh de thréimhse réasúnta gearr. Déantar é sin le háirithiú go mbeidh obair an Choimisiúin ábhartha i gcónaí, agus gur féidir dul i ngleic go tapa leis na hábhair sin a n-aithníonn an pobal agus an Rialtas iad mar réimsí tábhachtacha ina bhfuil athchóiriú díl de dhíth.

Cuireadh tús le formáid foilsithe nua, an Páipéar Ceisteanna, in 2013 mar bhealach chun comhchomhairle níos éifeachtaí a dhéanamh le páirtithe leasmhara. Faightear tuairimí agus saineolas uathu ar ghnéithe nó ar shaincheisteanna ar leith a thagann chun cinn i rith tionscadal níos mó trí cheisteanna áirithe a bhaineann le hábhar a chur agus trí fhreagraí a lorg. Tá an córas sin ag feidhmiú go maith, agus bailíodh faisnéis luachmhar trína bhíthin.

Rinneadh cláir an Eolaire Reachtaíochta agus na nAchtanna Athbhreithnithe a chumasc in aon tionscadal amháin ar a dtugtar Rochtain ar Reachtaíocht. Is é aidhm an tionscadail sin acmhainn ar líne atá éasca le rochtain a sholáthar trínar féidir le daoine a bhfuil spéis acu ann an reachtaíocht reatha i ndáil le hábhar ar leith a aimsiú (.i. ní gá streachailt trí na leasuithe éagsúla ar fad a rinneadh le linn na mblianta ó aghaidh an t-aicht). Oibríonn na taighdeoirí ar fad sa Choimisiún ar an tionscadal seo anois i rith a dtréimhse oibre, rud a chuir feabhas ar na hacmhainní atá ar fáil don tionscadal.

Rinneamar athbhreithniú ar an úsáid a bhainimid as an teicneolaíocht agus muid i mbun cumarsáide leis an bpobal, agus cuireadh athruithe i bhfeidhm ar ár láithreán gréasáin chun go mbeidh sé níos éasca le húsáid ag daoine a bhfuil foilseachán á chuardach acu nó ar mhaith leo aiseolas a chur ar fáil maidir le Tionscadal. Is ar líne a bhíimid ag foilsiú go príomha anois, agus bíonn na foilseacháin ar fad dár gcuid ar fáil lena n-íoslódáil saor in aisce ónár láithreán gréasáin.

Cuireadh tús freisin le hobair maidir lenár n-acmhainní cruinnithe d'fhonn cur ar chumas na rannpháirtithe freastal ar chruinnithe trí fhíschoimhdháil shlán. Cuirfear bealach éasca cost-éifeachtúil ar fáil leis an acmhainn sin chun cruinnithe a eagrú beag beann ar an áit a bhfuil na rannpháirtithe, lena n-áirítear cruinnithe chun dul i gcomhairle le daoine nó grúpaí leasmhara i bhfad uainn nó cruinnithe chun idirghníomhaíocht le Coimisiún Díl i ndlínsí eile a éascú mar chuid dár bpróiseas comparáideach.

Rinneadh athbhreithniú agus uasdátú cuimsitheach ar ár Leabharlann agus ar ár Seirbhís Faisnéise in 2013. Mar thoradh ar athbhreithniú luach ar airgead a rinneadh ar an mbaillúchán irisí ar síntiús, rinneadh cuíchóiriú ar irisí clóite ar síntiús agus chuathas i dtreo acmhainní ar líne. Ar an ábhar sin, laghdaíodh an tréimhse próiseála riaracháin agus an spás stórála fisiceach agus cuireadh feabhas ar an rochtain deisce do na taighdeoirí. Cuireadh tús le seirbhís laethúil teachtaireachtaí nuachta intí chun cur leis an mballtáin seachtainiúil feasachta reatha agus leis na nuashonruithe a chuirtear ar fáil ag an gcrúinniú reatha den fhoireann taighde díl. Rinneadh gníomh scóipe/féidearthachta ar na húsáidí a d'fhéadfaí a bhaint as na meáin shóisialta agus as bogearraí cuardaigh chónasctha laistigh den Choimisiún, agus úsáidfear na torthaí chun bonn eolais a chur faoin mbeartas ina leith sin amach anseo.

CAIBIDIL 2

ATHCHÓIRIÚ DLÍ: FAOMHADH AN CHEATHRÚ CLÁR, DUL CHUN CINN AR CHUR I gCRÍCH AN TRÍÚ CLÁR, AGUS CUR CHUN FEIDHME OBAIR AN CHOIMISIÚIN

FAOMHADH AN CHEATHRÚ CLÁR

Chuir an Coimisiún a chomhchomhairle maidir le forbairt an *Cheathrú Clár um Athchóiriú Dlí* dá chuid i gcrích go luath in 2013. Reáchtáladh an seimineár poiblí deiridh in OÉ, Gaillimh an 27 Feabhra 2013, agus ullmhaíodh dréacht den Cheathrú Clár ina dhiaidh sin. Roghnaigh an Coimisiún tionscadail le cur san áireamh sa dréacht-Chlár ina léirítear riachtanais reatha agus riachtanais ionchais shochaí na hÉireann agus a bhféadfadh iad a chur i gcrích laistigh de thréimhse ama réasúnta gairid. Mar thoradh air sin, moladh aon tionscadal déag:³

1. Cionta corparáideacha agus forfheidhmiú rialála
2. Nochtadh agus follasú i gcásanna coiriúla
3. Cionta gnéasacha in aghaidh leanaí
4. Díspeagadh cúirte agus cionta agus tortanna eile lena mbaineann riar an chirt
5. Pianbhreitheanna ar fionraí
6. Coireacht a théann i bhfeidhm ar shábháilteacht phearsanta, príobháideacht agus clú, lena n-áirítear an chibearbhulaíocht
7. Gnéithe de dhlí an chomharbais
8. Talamh a fháil go héigeantach
9. An dlí maidir le tiarnaí talún agus tionóntaí le haghaidh tionóntachtaí cónaithe
10. Oibleagáidí idirnáisiúnta a chur chun feidhme in Éirinn
11. Códú/Comhdhlúthú/Simpliú an Dlí

In 2013, phléigh an Coimisiún an dréacht den Cheathrú Clár dá chuid le Coiste Comhairleach an Ard-Aighne agus le Coiste an Oireachtais um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Comhionannas.

D'fhaomh an Rialtas an Ceathrú Clár de chuid an Choimisiúin gan leasú air i nDeireadh Fómhair 2013.

Bhí obair scóipe thosaigh maidir le roinnt tionscadal sa Cheathrú Clár curtha i gcrích ag an gCoimisiún faoi dheireadh na bliana 2013.

DUL CHUN CINN AR CHUR I GCRÍCH AN TRÍÚ CLÁR AGUS CUR CHUN FEIDHME MHOLTAÍ AN CHOIMISIÚIN IN 2013

(1) Forbhreathnú ar an dul chun cinn ar chur i gcrích an Tríú Clár

D'fhoilsigh an Coimisiún sé Thuarascáil agus trí Pháipéar Ceisteanna in 2013; bhain siad sin leis na tionscadail atá le cur i gcrích i gcónaí ón *Tríú Clár um Athchóiriú Dlí*

³ Féach *Tuarascáil maidir leis an gCeathrú Clár um Athchóiriú Dlí* (LRC 110-2013), lgh 1-6 chun coimriú a fháil ar gach ceann den 11 tionscadal.

agus le hiarraidh ón Ard-Aighne a rinneadh faoi Acht 1975 maidir le pianbhreitheanna sainordaitheacha.

1. *Tuarascáil maidir le Seirbhís Ghiúiré* (LRC 107-2013) foilsithe in 2013 (an Tríú Clár, Tionscadal 1).
2. Barántais Chuardaigh agus Barántais Bhinse: *Tuarascáil le foilsiú in 2014* (an Tríú Clár, Tionscadal 3).
3. Dlí na Fianaise: *Páipéar Ceisteanna maidir le Reachtaíocht um Chomhdhlúthú Fianaise* (LRC IP 3-2013) foilsithe in 2013; *Tuarascáil le foilsiú in 2014* (an Tríú Clár, Tionscadail 7, 8 agus 11).
4. *Tuarascáil maidir le Cionta Gnéasacha agus Cumas chun Toiliú* (LRC 109-2013) foilsithe in 2013 (an Tríú Clár, Tionscadail 12 agus 14).
5. *Páipéar Ceisteanna maidir le Foréigean Baile: Bannaí* (LRC IP 1-2013), *Páipéar Ceisteanna maidir le Foréigean Baile: Ciapadh* (LRC IP 2-2013) agus *Tuarascáil maidir le Gnéithe d'Fhoréigean Baile* (LRC 111-2013) foilsithe in 2013 (an Tríú Clár, Tionscadal 24).
6. Conarthaí Árachais: *Tuarascáil le foilsiú in 2014* (an Tríú Clár, Tionscadal 34).
7. *Tuarascáil maidir le Gnéithe Dlí Sibhialta de chásanna Daoine atá ar Iarraidh* (LRC 106-2013) foilsithe in 2013 (an Tríú Clár, Tionscadal 37).
8. Iarraidh ón Ard-Aighne: *Tuarascáil maidir le Pianbhreitheanna Sainordaitheacha* (LRC 108-2013) foilsithe in 2013.
9. An Ceathrú Clár: *Tuarascáil maidir leis an gCeathrú Clár um Athchóiriú Dlí* (LRC 110-2013) foilsithe in 2013.

(2) Cur chun feidhme mholtaí an Choimisiúin in 2013

Cuireadh chun feidhme moltaí a rinne an Coimisiún san *Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013*, san *Acht um Thuairisciú Creidmheasa, 2013*, agus in alt 13 den *Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2013*. Bhí roinnt Billí os comhair an Oireachtais agus an Tuarascáil Bhliantúil seo á hullmhú, agus tá na billí sin bunaithe, go hiomlán nó i bpáirt, ar mholtaí an Choimisiúin. Ina measc siúd, áirítear an *Bille um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta agus Córas Bunachair Sonraí DNA) 2013* (a achtaíodh i Meitheamh 2014), an *Bille um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2013* agus an *Bille um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta), 2012*. Tá roinnt Scéimeanna Billí (nó Cinn Billí) foilsithe ag an Rialtas a bhaineann le moltaí ón gCoimisiún. Áirítear leo sin Scéim do *Bhille um Ghaolta Teaghlaigh agus Leanaí*, Scéim do *Bhille um Thiarnaí Talún agus Thionóntaí*, agus Scéim do *Bhille um Idirghabháil agus Chomhréiteach*. Tá rannán le fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin www.lawreform.ie ina bhfuil forbhreathnú ginearálta ar chur chun feidhme Thuarascálacha an Choimisiúin, agus déantar an rannán sin a thabhairt chun dáta go rialta.

(3) Athbhreithniú mionsonraithe ar obair an Choimisiúin agus ar a cur chun feidhme in 2013

Pléitear an t-ábhar sa chuid seo den chaibidil faoi na sé cheannteideal ghinearálta seo a leanas:

1. An Córas Dlí agus an Dlí Poiblí (Igh 11-12).
2. Dlí na Fianaise (Ich 13).
3. An Dlí Coiriúil (Ich 13).
4. An Dlí Sibhialta agus Tráchtála (Ich 15).
5. An Dlí Talún agus an Dlí Iontaobhais (Ich 17).
6. An Dlí Teaghlaigh (Ich 17).

1. AN CÓRAS DLÍ AGUS AN DLÍ POIBLÍ

Seirbhís Ghiúiré

D'fhoilsigh an Coimisiún a *Thuarascáil maidir le Seirbhís Ghiúiré* (LRC 107-2013) (an 3^ú Clár um Athchóiriú Dlí, Tionscadal 1) in 2013, tar éis fhoilsiú *Páipéar Comhchomhairle maidir le Seirbhís Ghiúiré* (LRC CP 60-2010) dá chuid. Cuirtear san áireamh sa Tuarascáil na hábhair inmí nach ndéantar giúiréithe atá ionadaíoch don phobal a roghnú faoin dlí reatha agus faoi na próisis reatha maidir le roghnú giúiréithe. Mar shampla, tá rollaí giúiré reatha arna dtiomsú faoi *Acht na nGiúiréithe, 1976*, teoranta do shaoránaigh na hÉireann agus eisiatar uathu cónaitheoirí fadtéarma, saoránaigh AE in measc; i gcomparáid leis sin, tá saoránaigh Éireannacha a bhfuil cónaí orthu i Sasana i dteideal bheith ar ghiúiré ann. Faoi Acht 1976 freisin, féadtar raon leathan daoine amhail dochtúirí, altraí, múinteoirí agus státseirbhísigh a ligean saor “de cheart” ó sheirbhís ghiúiré in Éirinn. I measc na n-ábhar inmí eile atá ann, áirítear a mhéid a d'fhéadfadh infhaighteacht na teicneolaíochta gan sreang cur ar chumas giúróirí sa seomra giúiré cuardach le haghaidh faisnéise ar an gcúisí ar líne seachas a gcinneadh a theorannú don fhianaise arna cur ar fáil. Tá inmí ann freisin go bhfuil baol ag baint leis an gceart ginearálta chun liostaí rolla an ghiúiré a iniúchadh go ndéanfaí imeaglú ar dhaoine den ghiúiré nó go gcuirfí isteach ar an ngiúiré. Féachtar sa Tuarascáil freisin ar athchóirithe a d'fhéadfadh a bheith de dhíth chun trialacha coiriúla atá fada nó casta a láimhseáil. Áirítear *dréacht-Bhille um Ghiúiréithe* sa Tuarascáil a bhfuil mar aidhm leis a mholtaí a chur chun feidhme.

Áirítear iad seo a leanas i measc na moltaí sa Tuarascáil:

- Ba cheart rollaí giúiré bheith bunaithe ar na cláir toghthóirí d'olltoghcháin agus do thoghcháin áitiúla agus Eorpacha. Ar an ábhar sin, anuas ar shaoránaigh na hÉireann, d'fhéadfaí saoránaigh Eorpacha agus cónaitheoirí fadtéarmacha eile (moltar riachtanas íosta cónaitheacha 5 bliana ar a laghad sa Tuarascáil) a roghnú do sheirbhís ghiúiré. Dá ndéanfaí amhlaidh, chuirfí tuairim is 200,000 duine leo siúd atá i dteideal bheith ar ghiúiré.
- Ba cheart do ghiúróirí bheith ábalta an Béarla a léamh, a scríobh, a labhairt agus a thuiscint sa mhéid go mbeidh ar a gcumas a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, agus ba cheart é sin a mheabhú dóibh agus iad á ngairm le haghaidh seirbhís ghiúiré.
- Ba cheart an saoradh iomlán reatha “de cheart” ó sheirbhís ghiúiré i gcás go leor daoine gairmiúla agus státseirbhísigh a aisghairm, agus ba cheart saoradh ar bhonn an duine aonair “ar chúis mhaith” a chur ina ionad.
- Ba cheart cheadú do ghiúróirí a seirbhís ghiúiré a chur siar ar feadh tréimhse suas le 12 mhí chun freastal orthu sin a bhfuil cúiseanna maithe acu diúltú don tseirbhís ghiúiré nuair a ghairtear iad le haghaidh seirbhís ghiúiré i dtosach.
- Ba cheart go mbeadh duine faoi mhíchumas i dteideal bheith ar ghiúiré ar an gcoinníoll nach gcuirfeadh an míchumas sin bac air nó uirthi feidhmeanna giúróra a chomhlíonadh, agus aird á tabhairt ar na tacaí agus ar na socrúithe praiticiúla ar fad atá i gcomhréir leis an gceart chun trialach i gcúrsa cuí an dlí. Moltar sa Tuarascáil freisin go ndéanfaí taighde sonrath ar an ábhar seo. Sa taighde sin, ba cheart féachaint ar chóid, ar chaighdeáin agus ar thaithí phraiticiúil atá á bhforbairt i ndlínsí eile, agus ansin ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an mbeadh sé indéanta iad sin a chur chun feidhme sa chóras giúiré in Éirinn nó nach mbeadh.
- Ba cheart an líon agóidí nuair nach gá fáth ar bith a thabhairt (agóidí dofhreagartha) a choinneáil – 7 n-agóid atá ann faoi láthair don ionchúiseamh agus don chosaint ar aon; agus ba cheart leanúint leis an gcosc atá ar cheistneoirí réamhthrialach do ghiúróirí.
- Ba cheart íocaíocht mheasartha laethúil ar ráta comhréidh a íoc le giúróirí chun a gcostas taistil agus cothabhála a chlúdach; agus ba cheart don rialtas féachaint ar bhealaí eile ina bhféadfaí an t-ualach airgeadais a bhaineann le seirbhís ghiúiré do

ghnóthais bheaga agus do dhaoine féinfhostaithe a mhaolú, lena n-áirítear úsáid creidmheasanna cánach agus árachas.

- Ionas nach gcuirfí isteach ar an ngiúiré, ba chóir go mbeadh ceart na gcomhairleoirí dlí rolla an ghiúiré a iniúchadh teoranta do 4 lá roimh thús na trialach; agus ba chóir an dlí maidir le cur isteach ar ghiúiré a leagan amach mar chion cuimsitheach aonair amháin.
- Ba cheart foláireamh ar leith a thabhairt do ghiúiréithe gan dul ar an idirlíon i rith trialach agus ba cheart go mbeadh a leithéid sin ina chion ar leith
- Ba cheart go mbeadh sé de chumhacht ag an gcúirt suas le 3 giúróirí breise a rollú dá measfadh an breitheamh go mairfeadh an triail níos faide ná 3 mhí.
- Ba cheart tabhairt faoi thaighde ar nithe amhail a ionadaíche atá giúiréithe, tuiscint na ngiúróirí, bainistiú giúróirí, agus cumas agus inniúlacht giúróirí. Ba cheart go mbeadh an taighde sin faoi réir cosaintí cuí ó thaobh rúndachta de lena áirithiú nach nochtfaí plé na ngiúiréithe.

Cuireadh chun feidhme an moladh maidir le giúróirí breise i dtrialacha fada le leasú ar *Acht na nGiúiréithe, 1976*, leis an *Acht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013*. Tá sé sonraithe i gClár Reachtaíochta an Rialtais, Seisiún an Earraigh-an tSamhraidh 2014 (Cuid C) go bhfoilseofar *Bille um Ghiúiréithe* chun Tuarascáil an Choimisiúin a chur chun feidhme.

Barántais Chuardaigh agus Barántas Bhinse

In 2013, d'fhaomh an Coimisiún téacs dréacht-Pháipéir Ceisteanna i dtaca lena thionscadal maidir le barántais chuardaigh agus barántais bhinse (an Tríú Clár um Athchóiriú Dlí, Tionscadal 3), agus foilsíodh *Páipéar Ceisteanna maidir le Barántais Chuardaigh* (LRC IP 4-2014) go luath in 2014. Foilseoidh an Coimisiún a Thuarascáil ina leith sin faoi dheireadh na bliana 2014.

Réiteach Comhrognach Aighnis: Idirghabháil

Tá sé sonraithe i gClár Reachtaíochta an Rialtais, Seisiún an Earraigh-an tSamhraidh 2014 (Cuid B) go bhfoilseofar *Bille um Idirghabháil* chun *Tuarascáil maidir le Réiteach Comhrognach Aighnis: Imghabháil agus Comhréiteach* (LRC 98-2010) de chuid an Choimisiúin a chur chun feidhme (an Tríú Clár um Athchóiriú Dlí, Tionscadal 5).

Comhdhlúthú agus Athchóiriú na nAchtanna Cúirteanna

Tá sé sonraithe i gClár Reachtaíochta an Rialtais, Seisiún an Earraigh-an tSamhraidh 2014 (Cuid B) go bhfoilseofar *Bille na gCúirteanna (Comhdhlúthú agus Athchóiriú)*, lena gcuirfear chun feidhme *Tuarascáil maidir le Comhdhlúthú agus Athchóiriú na nAchtanna Cúirteanna* (LRC 97-2010) de chuid an Choimisiúin (an Tríú Clár um Athchóiriú Dlí, Tionscadal 6).

Binsí Fiosrúcháin

Bhí an *Bille um Binsí Fiosrúcháin 2005*, bunaithe ar an dréacht den *Bhille um Binsí Fiosrúcháin* a foilsíodh in *Tuarascáil ar Fhiosrúcháin Phoiblí, lena n-áirítear Binsí Fiosrúcháin* (LRC 73-2005) de chuid an Choimisiúin (LRC 73-2005) (an Dara Clár um Athchóiriú Dlí, Tionscadal 8), ag fanacht le Céim na Tuarascála i nDáil Éireann in 2013.

2. DLÍ NA FIANAISE

Bunachar Sonraí DNA

Is ón *Tuarascáil maidir le Bunú Bunachair Sonraí DNA* (LRC 78-2005) de chuid an Choimisiúin (bunaithe ar iarraidh ón Ard-Aighne) a tháinig an *tAcht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta agus Córas Bunachair Sonraí DNA) 2014* (a aghaidh i Meitheamh 2014 agus a foilsíodh mar Bhille in 2013).

Fianaise Chlostráhta, Fianaise Dhoiciméadach agus Fianaise Shaineolach

D'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Ceisteanna maidir le Reachtaíocht um Chomhdhlúthú Fianaise* (LRC IP 3-2013) in 2013 i dtaca leis an tuarascáil ilchodach dá chuid, *Tuarascáil maidir le Dlí na Fianaise*, lena gcuimseofar trí thionscadal sa *Tríú Clár um Athchóiriú Dlí*. Is iad sin: Tionscadal 7 (Fianaise Dhoiciméadach agus Leictreonach), Tionscadal 8 (Riail maidir le Clostrácht) agus Tionscadal 11 (Fianaise Shaineolach). Tá sé i gceist ag an gCoimisiún a Thuarascáil ar an réimse seo a fhoilsiú faoi dheireadh na bliana 2014.

3. AN DLÍ COIRIÚIL

Cionta Gnéasacha: Cumas chun Toiliú

D'fhoilsigh an Coimisiún an *Tuarascáil maidir le Cionta Gnéasacha agus Cumas chun Toiliú* (LRC 109-2013) (an Tríú Clár um Athchóiriú Dlí, Tionscadail 12 agus 14) dá chuid in 2013, tar éis fhoilsiú *Páipéar Comhchomhairle maidir le Cionta Gnéasacha agus Cumas chun Toiliú* (LRC CP 63-2011) in 2011. Tá an tuarascáil sin ina cuid den athbhreithniú ginearálta ar an dlí maidir le cionta gnéasacha atá á dhéanamh ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Ina theannta sin, cuireann an tuarascáil leis an obair atá déanta ag an gCoimisiún roimhe sin maidir le dlí sibhialta an chumais as ar eascair Tuarascáil in 2006 inar moladh go n-achtófaí reachtaíocht nua maidir le cumas. Is é sin atá beartaithe sa *Bhille um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2013* de chuid an Rialtais.

Is iad seo a leanas príomh-mholtaí na Tuarascála:

- Ba cheart Alt 5 den *Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993*, a aisghairm agus reachtaíocht eile a chur ina ionad toisc nach n-urramaítear ann an ceart ar léiriú gnéasach i gcás daoine a bhféadfadh ceist a bheith ann maidir lena gcumas, agus ní phléitear ann gach cás ina bhféadfadh dúshaothrú nó mí-úsáid teacht chun cinn.
- Ba cheart reachtaíocht a achtú le cur in ionad alt 5 d'Acht 1993, agus bheadh an reachtaíocht sin bunaithe ar thástáil feidhme ar chumas. Cur chuige bunaithe ar chearta is ea é sin a chloíonn le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas (2006) agus freisin leis an *mBille um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2013*.
- Sa reachtaíocht a chuirfear in ionad alt 5 d'Acht 1993, ba cheart foráil a dhéanamh go bhfuil de chumas ag duine toiliú le gníomh gnéasach i gcás ina bhfuil sé nó sí ábalta roghnú comhaontú leis an ngníomh gnéasach ar leith lena mbaineann (lena n-áirítear i gcás ina dtugtar cuidiú réasúnta maidir le cinnteoireacht dó nó di) mar: (a) tuigeanann sé nó sí cineál an ghnímh agus na hiarmhairtí atá réasúnta ionchasach a bheidh leis; (b) féadann sé nó sí faisnéis ábharthach a úsáid nó a chíoradh chun teacht ar chinneadh maidir le gabháil don ghníomh gnéasach; agus (c) féadann sé nó sí a chinneadh nó a cinneadh a chur in iúl (trí labhairt, teanga chomharthaíochta nó aon bhealach eile a úsáid).
- Ba cheart go mbeadh sé soiléir sa reachtaíocht nua nach ann do chion sa chás ina ngabhann beirt a bhféadfadh ceist a bheith ann maidir lena gcumas (mar gheall ar mhíchumas intleachta, mar shampla) do ghníomh gnéasach nuair nach bhfuil ann do dhúshaothrú nó do mhí-úsáid i gcás ceachtar den bheirt.
- Ba cheart go gcuimseofaí leis an reachtaíocht nua gach cineál ionsaí gnéasach (lena n-áirítear ionsaí gnéasach agus éigniú) agus freisin gach gníomh eile lena mbaineann dúshaothrú nó mí-úsáid (amhail ceangal ar dhuine in aghaidh a t(h)ola féachaint ar dhaoine eile ag gabháil do ghníomhartha gnéasacha).
- Ba cheart, go ginearálta, go mbeadh mar chosaint ag an gcúisí gur chreid sé nó sí go réasúnta go raibh cumas chun toiliú ag an duine, ach níor cheart go mbeadh an chosaint sin ar fáil do dhaoine a gcuirtear muinín iontu nó a bhfuil údarás acu (lena n-áireofaí dlúthdhaoine den teaghlach agus cúramóirí gairmiúla), ar cheart go

mbeadh ann do thiomhde infhrisnéise ina leith go raibh a fhios aige nó aici nach raibh cumas chun toiliú ag an duine sin.

- Ba cheart treoirínite a fhorbairt dóibh siúd atá ag obair sa chóras dlí choiriúil chun bacainní reatha a shainaithint agus chun féachaint ar bhealaí trína bhféadfaí feabhas a chur ar rannpháirtíocht daoine arna gcuimsiú leis an reachtaíocht bheartaithe in imeachtaí cúirte.
- Ba cheart do gach gníomhaireacht ábhartha caighdeáin náisiúnta a fhorbairt d'fhonn cur chuige comhsheasmhach i leith an ghnéasoideachais a áirithiú, agus ba cheart go n-áireofaí leo sin na rioscaí dúshaothraithe nó mí-úsáide maidir le gach duine a rachadh na hathchóirithe beartaithe sa Tuarascáil i bhfeidhm orthu.

Pianbhreitheanna Sainordaitheacha

D'fhoilsigh an Coimisiún an *Tuarascáil maidir le Pianbhreitheanna Sainordaitheacha* (LRC 108-2013) dá chuid in 2013, tar éis *Páipéar Comhchomhairle maidir le Pianbhreitheanna Sainordaitheacha* (LRC CP 66-2011), a foilsíodh in Eanáir 2012. D'eascair an tionscadal sin as iarraidh ón Ard-Aighne faoin *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*, féachaint ar an dlí maidir le pianbhreitheanna sainordaitheacha agus, má ba chúí, athchóirithe a mholadh i ndáil leis na tosca ina bhféadfadh sé bheith cuí nó tairbheach foráil a dhéanamh do phianbhreitheanna sainordaitheacha i gcomhair cionta.

Is iad seo a leanas príomh-mholtaí na Tuarascála:

- Tacaíonn an Coimisiún le moltaí a rinneadh cheana (lena n-áirítear in *Tuarascáil Ghrúpa Athbhreithnithe Halla Bhaile na Sceach, 2011*) gur cheart go bhféadfadh Comhairle Bhreithiúnach treoir oiriúnach nó treoirínite oiriúnacha maidir le pianbhreitheanna a fhorbairt agus a fhoilsiú; agus go dtabharfaí aird iontu ar chinntí na Cúirte Uachtaraí agus na Cúirte Achomhairc Choiriúil, ar na prionsabail maidir le pianbhreitheanna atá pléite sa Tuarascáil, agus ar fhaisnéis i mbunachair sonraí amhail Córas Faisnéise faoi Ghearradh Pianbhreithe in Éirinn (ISIS) de chuid na Seirbhíse Cúirteanna.
- Ba cheart an phianbhreith shainordaitheach a choimeád i gcás dúnmharú.
- I gcás ina gciontaítear ciontóir as dúnmharú, agus go ngearrtar príosúnacht saoir air nó uirthi dá réir sin, ba cheart foráil a dhéanamh sa reachtaíocht go bhféadfadh an breitheamh téarma íosta a bheidh le déanamh ag an gciontóir a mholadh.
- Ba cheart an Bord Parúil a chur ar bun ar bonn reachtúil neamhspleách, agus cuirtear fáilte sa Tuarascáil roimh thogra an Rialtais reachtaíocht a thabhairt isteach chun é sin a dhéanamh.
- Ba cheart an córas pianbhreitheanna toimhdean a bhaineann le cionta áirithe a bhaineann le drugaí agus airm thine a aisghairm, agus níor cheart an córas sin a shíneadh chun cionta eile a chuimsiú. Sonraítear sa Tuarascáil go mbaineann na torthaí seo a leanas leis an gcóras toimhdean i gcás cionta drugaí: cuireadh an trádáil i ndrugaí aindleathacha in oiriúint don chóras pianbhreitheanna trí chúireirí ar féidir fáil réidh leo a úsáid chun drugaí a choinneáil agus a iompar; gurb iad na ciontóirí seo, ar ciontóirí réasúnta neamhthábhachtach iad, seachas na daoine atá i gceannas ar an trádáil i ndrugaí aindleathacha a mbeirtear orthu agus a gcaitear leo faoin gcóras toimhdean; leibhéal ard daoine ag pléadail ciontach d'fhonn an phianbhreith toimhdean íosta a sheachaint; agus méadú dá réir ar líon na mionchiontóirí drugaí i gcóras na bpríosún. Tá sé molta freisin ag an gCoimisiún go soláthrófaí rogha chúí i leith na bhforálacha sin le córas pianbhreitheanna atá níos struchtúrtha agus atá bunaithe ar threoir (mar atá beartaithe sa chéad mholadh atá luaite thuas). I gcomhthéacs na coireachta a bhaineann le drugaí, tá sé de thuarim ag an gCoimisiún go bhféadfaí cur go tairbheach le hiarrachtaí forfheidhmithe dlí le tionscnaimh eile, amhail na tionscnaimh sin a leagtar béim orthu sa taighde a rinne an Bord Taighde Sláinte agus an earnáil oibre um Mí-úsáid Drugaí de chuid Chomhairle na Breataine-na hÉireann.
- Ba cheart an reachtaíocht reatha i ndáil le pianbhreitheanna sainordaitheacha (agus, nuair is cuí, pianbhreitheanna toimhdean) a bhaineann leis an dara cion

agus le cionta ina dhiaidh sin a aisghairm freisin, agus níor cheart an córas sin a shíneadh chun cionta eile a chuimsiú. Tá sé molta freisin ag an gCoimisiún go soláthrófaí rogha chuí i leith na bhforálacha sin leis an gcóras pianbhreitheanna atá níos struchtúrtha agus atá bunaithe ar threoir (mar atá beartaithe sa Tuarascáil).

Ciontuithé Spíonta

Bhí an *Bille um Cheartas Coiriúil (Ciontuithé Spíonta), 2012*, lena ndéanfaí na príomhmholtaí sa *Tuarascáil maidir le Ciontuithé Spíonta (LRC 84-2007)* (an Dara Clár um Athchóiriú Dlí, Tionscadal 10) de chuid an Choimisiúin a chur chun feidhme, ag fanacht le Céim na Tuarascála i Seanad Éireann in 2013. Ní rachaidh Bille 2012 ar aghaidh chuig an gcéim dheireanach go dtí go mbeidh sé deimhnithe go bhfuil sé i gcomhréir go hiomlán leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Cuirfear san áireamh leis sin an bhreith sa chás *Sasanach R (T) v Chief Constable of Greater Manchester Police*,⁴ inar dearbhaíodh nach raibh gnéithe áirithe de reachtaíocht inchomparáide na Breataine, an *Rehabilitation of Offenders Act 1974*, i gcomhréir leis an gceart chun an saol príobháideach a chosaint faoi Airteagal 8 den Choinbhinsiún.

4. AN DLÍ SIBHIALTA AGUS TRÁCHTÁLA

Gnéithe Dlí Shibhialta de chásanna Daoine atá ar Iarraidh

D'fhoilsigh an Coimisiún an *Tuarascáil maidir le Gnéithe Dlí Shibhialta de chásanna Daoine atá ar Iarraidh (LRC 106-2013)* (an Tríú Clár um Athchóiriú Dlí, Tionscadal 37) dá chuid in 2013, tar éis fhoilsiú *Páipéar Comhchomhairle maidir le Gnéithe Dlí Shibhialta de chásanna Daoine atá ar Iarraidh (LRC CP 64-2011)*.

Sonraítear sa Tuarascáil go dtugtar tuairisc do na Gardaí ar idir 7,000 agus 8,000 duine a bheith ar iarraidh gach bliain in Éirinn. Is ionann sin agus beagnach 20 duine sa lá. Aimsítear formhór na ndaoine sin i dtréimhse ama an-ghéarr i ndáiríre, agus bíonn faoi bhun 1% díobh ar iarraidh ar feadh tréimhse fhada. De réir na bhfigiúirí is déanaí ó Bhiúró an Gharda Síochána um Dhaoine ar Iarraidh, rinneadh 62,426 thuairisc ar dhaoine ar iarraidh idir 2003 agus 2011, agus tá 382 duine díobh sin ar iarraidh i gcónaí. I gcomhthéacs an fhoréigin i dTuaisceart Éireann idir na 1970idí agus déanach sna 1990idí, áirítear “na daoine fuadaithe” leis na daoine sin atá ar iarraidh. Grúpa de 17 nduine atá sna daoine fuadaithe, agus glactar leis gur maraíodh iad cé nár aimsíodh a gcorp riamh. Cuireadh an Coimisiún Neamhspleách um Shuíomh Taisí Íospartach ar bun tar éis Chomhaontú Aoine an Chéasta, 1998, chun na taisí a aimsiú agus, go dtí seo, tá deich gcinn de na coirp aimsithe ag an gCoimisiún. Tá seacht gcinn de “na daoine fuadaithe” ar iarraidh i gcónaí. I gcomhthéacs an chúlra sin, rith Tionól Thuaisceart Éireann an *Presumption of Death Act (Northern Ireland) 2009*, lena gcuirtear ar chumas gaolta iarraidh ar an gcúirt ordú toimhdean maidir le bás a dhéanamh.

Dul i ngleic le fadhbanna láithreacha: tá sé mar chonclúid sa Tuarascáil go bhfuil gá le creat reachtúil chun dul i ngleic le roinnt de na fadhbanna praiticiúla láithreacha a bhíonn ann do dhaoine muinteartha. Go háirithe, is gá rochtain ar chuntas bainc an duine ar iarraidh a cheadú (go háirithe sa chás ina bhfuil an cuntas bainc sin in ainm an duine sin amháin) ionas gur féidir billí a íoc. Ar an ábhar sin, moltar sa Tuarascáil go n-achtófaí reachtaíocht chun cur ar chumas daoine muinteartha iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Chuarda, tar éis do dhuine a bheith ar iarraidh ar feadh 90 lá, chun bainistiú eatramhach ar mhaoin an duine ar iarraidh a cheadú. Dá réir sin, chuirfí ar chumas an teaghlaigh billí a íoc nó, mar shampla, an t-árachas ar ghluaisteán nó ar

⁴ [2013] EWCA Civ 25, [2014] UKSC 35

ghluaisrothar a athnuachan. D'fhéadfaí an próiseas sin a chur i bhfeidhm ar feadh suas le dhá bhliain (le síneadh féideartha dhá bhliain eile).

Toimhde maidir le bás: tá an dlí reatha bunaithe go príomha ar riail fhadbhunaithe go nglactar leis go bhfuil duine ar iarraidh beo ar feadh suas le seacht mbliana, agus go mbíonn toimhde maidir le bás i bhfeidhm tar éis na seacht mbliana sin. Is toimhdí infhrisnéise iad sin, rud a chiallaíonn go bhféadfaí glacadh leis go bhfuil duine tar éis bháis i gcás go bhfuil sé nó sí ar iarraidh ar feadh tréimhse níos lú ná seacht mbliana, agus nach gá go nglacfaí leis go bhfuil duine tar éis bháis tar éis dó nó di bheith ar iarraidh ar feadh seacht mbliana. Tá teorainn leis an dlí reatha sa mhéid is go bhféadann daoine den teaghlach iarraidh ar an gcúirt go ndéanfaí eastát an duine ar iarraidh a riar, ach ní chuirtear ar a gcumas leis sin deimhniú báis a fháil. I gcásanna áirithe, féadtar ionchoisne a réachtáil i leith duine ar iarraidh; má tá sé ionann is cinnte go bhfuil an duine ar iarraidh tar éis bás a fháil, féadann cróinéir an bás a dhearbhu faoin *Acht Cróinéirí, 1962*, rud a chuirfidh ar chumas an teaghlaigh deimhniú báis a fháil.

Moltar sa Tuarascáil go ndéanfaí an dlí maidir le bás toimhdean a athchóiriú, go háirithe lena áirithiú go mbeadh ar chumas an teaghlaigh an suaitheadh corraitheach a bhaineann le duine mór leo a bheith ar iarraidh a láimhseáil a oiread agus ab fhéidir agus sa bhealach ba neamhchostasaí agus ab fhéidir. D'áireofaí leis sin an dlí reatha maidir le hionchoisní a shoiléiriú le cur ar chumas an teaghlaigh de dhuine ar iarraidh iarratas a dhéanamh go réachtálfaí coiste cróinéara agus go ndéanfaí dearbhú maidir le bás toimhdean; bheadh feidhm leis sin i gcásanna ina bhfuiltear ionann is cinnte faoin mbás. I gcásanna ina bhfuil an bás thar a bheith dóchúil, molann an Coimisiún gur ghá iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Chuarda chun foráil a dhéanamh do riar eastát an duine ar iarraidh agus, ina theannta sin, chun go ndéanfaí ordú maidir le toimhde báis, rud a chuirfeadh ar chumas an teaghlaigh den duine ar iarraidh deimhniú báis a fháil. B'ionann éifeacht dlí an deimhnithe sin agus éifeacht dlí aon deimhnithe báis eile. Molann an Coimisiún, an oiread agus is féidir, gur cheart an dlí sa Stát a bheith ar aon dul leis na forálacha i reachtaíocht 2009 i dTuaisceart Éireann. Ar an ábhar sin, i gcás aon cháis lena gcaithfí sa Stát lena mbainfeadh "na daoine fuadaithe", bheadh an cás sin bunaithe ar chreat dlíthiúil comhchosúil.

Déileáiltear freisin sa Tuarascáil leis na cásanna neamhghnácha maidir le duine, ar dearbhaíodh a bhás nó a bás, atá beo i gcónaí agus go dtagann sé nó sí ar ais. Moltar ann go gcuirfí ar chumas an duine sin leis an reachtaíocht bheartaithe a mhaoin nó a maoin a fháil ar ais, lasmuigh d'aon orduithe do-athraithe a bheadh déanta idir an dá linn amhail díol maoin. Anuas air sin, i gcás duine ar bith a d'iarrfadh orduithe faoin reachtaíocht bheartaithe, bheadh air nó uirthi banna árachais a ghlacadh lena gclúdófaí aon chaillteanas airgeadais don duine ar iarraidh a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

Cumas Daoine Fásta i ndáil le Cinnteoireacht Chuidithe

Tá *an Bille um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2013*, bunaithe ar mholtaí an Choimisiúin in *Tuarascáil maidir le Daoine Fásta Leochaileacha agus an Dlí* (LRC 83-2006) dá chuid (an Dara Clár um Athchóiriú Dlí, Tionscadal 27 agus 28), arbh é ab aidhm leis creat reachtúil nua-aimseartha maidir le cumas cinnteoireachta do dhaoine fásta a chur in ionad chóras na gcoimircithe cúirte. Ritheadh an Dara Céim den Bille i ndáil Éireann in 2013.

Conarthaí Árachais

Bhreithnigh an Coimisiún roinnt dréacht-chaibidlí i rith 2013 i ndáil leis an dréacht den *Tuarascáil maidir le Conarthaí Árachais* dá chuid (an Tríú Clár um Athchóiriú Dlí, Tionscadal 34), tar éis *Páipéar Comhchomhairle maidir le Conarthaí Árachais* (LRC CP 65-2011) a foilsíodh in Eanáir 2012. Foilseofar Tuarascáil an Choimisiúin in 2014.

Fiacha Pearsanta agus Tuairisciú Creidmheasa

Tá an tAcht um Thuairisciú Creidmheasa 2013, ina bhfuil creat reachtúil le haghaidh tuairisciú creidmheasa agus seiceáil creidmheasa, bunaithe ar *Thuarascáil Eatramhach maidir le Bainistíocht Fiach Pearsanta agus Forfheidhmiú Fiach* (LRC 96-2010) de chuid an Choimisiúin (an Tríú Clár um Athchóiriú Dlí, Tionscadal 2).

Aisghabháil Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh ó Dhámhachtainí maidir le Díobhálacha Pearsanta

Déantar foráil in Alt 13 den *Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2013* chun luach íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe a bhaineann le tinneas a aisghabháil ó dhámhachtainí arna ndéanamh in éilimh i leith díobhálacha pearsanta, agus tá an t-alt sin bunaithe ar *Thuarascáil maidir le hIn-Asbhainteacht Sochar Comhthaobhach ó Dhámhachtainí Damáistí* (LRC 68-2002) de chuid an Choimisiúin (Iarraidh ón Ard-Aighne).

5. AN DLÍ TALÚN AGUS AN DLÍ IONTAOBHAIS

Tiarnaí talún agus tionóntaí

Tá sé sonraithe i gClár Reachtaíochta an Rialtais, Seisiún an Earraigh-an tSamhraidh 2014 (Cuid B) go bhfoilseofar *Bille um Thiarnaí Talún agus Thionóntaí*, tar éis fhoilsiú Scéime de *Bhille um Thiarnaí Talún agus Thionóntaí* (bunaithe ar *Thuarascáil maidir leis an Dlí um Thiarnaí Talún agus Thionóntaí* (LRC 85-2007) de chuid an Choimisiúin (an Dara Clár um Athchóiriú Dlí, Tionscadal 23) in 2012.

An Dlí Iontaobhais agus na hAchtanna um Thalamh Socraithe

Tá sé sonraithe i gClár Reachtaíochta an Rialtais, Seisiún an Earraigh-an tSamhraidh 2014 (Cuid C) go bhfoilseofar *Scéim Bille um Iontaobhais* lena gcomhdhlúthófar agus lena n-athchóireofar an *Trustee Act 1893*, agus tabharfar aird ar *Thuarascáil maidir leis an Dlí Iontaobhais: Moltaí Ginearálta* (LRC 92-2008) de chuid an Choimisiúin agus obair an Choimisiúin ar an tionscadal dá chuid i ndáil leis an Dlí Iontaobhais agus na hAchtanna um Thalamh Socraithe (an Tríú Clár um Athchóiriú Dlí, Tionscadal 21), a eascraíonn as aisghairm na nAchtanna um Thalamh Socraithe leis an *Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009*.

6. AN DLÍ TEAGHLAIGH

Foréigean Baile

D'fhoilsigh an Coimisiún an *Tuarascáil maidir le Gnéithe d'Fhoréigean Baile* (LRC 111-2013) (an Tríú Clár um Athchóiriú Dlí, Tionscadal 24) dá chuid in 2013, tar éis fhoilsiú dhá Pháipéar Ceisteanna dá chuid i ndáil leis an réimse sin níos luaithe in 2013. Chuir an Coimisiún tús leis an tionscadal seo in 2012 agus cuireann an Tuarascáil, ina bhféachtar ar dhá cheist ar leith a bhaineann leis an dlí reatha maidir le foréigean baile, leis an athbhreithniú ginearálta ar an dlí maidir le foréigean baile atá á dhéanamh faoi láthair ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

An dlí maidir le bannaí agus cásanna foréigin baile: sa chéad cheist a phléitear sa Tuarascáil, féachtar ar cheart an dlí reatha maidir le bannaí, faoi mar a bhaineann le cásanna foréigin baile, a choimeád nó a athchóiriú. Go háirithe, ardaítear an cheist, nuair a chúisítear duine faoin *Acht um Fhoréigean Baile, 1996* maidir le hordú urchoisc nó ordú sábháilteachta a shárú, ar cheart go bhféadfaí bannaí a dhiúltú ar an mbonn go bhféadfadh an duine sin cion eile a dhéanamh agus é nó í faoi bhannaí. Tugtar bannaí a dhiúltú ar chúiseanna coisctheacha air sin. Féadtar bannaí a dhiúltú faoin mBunreacht ar an bhforas sin má tá duine cúisithe “i gcion tromaí” agus sa chás go measfar le réasún é a bheith riachtanach chun an duine sin a chosc ar chion tromaí a

dhéanamh agus é nó í faoi bhannaí. San *Acht um Bannaí, 1997*, sainmhínítear “cion tromaí” mar chion lena ngabhann príosúnacht cúig bliana ar a laghad ar chiontú agus atá liostaithe go sainiúil san *Acht um Bannaí, 1997*, féin. Faoi láthair, is é téarma príosúnachta 12 mhí an phianbhreith uasta ar ordú foréigin baile a shárú. Pléitear sa Tuarascáil ar cheart nó nár cheart an dlí a athchóiriú chun go mbeadh an sárú sin ina chion tromaí.

Moltar sa Tuarascáil gur cheart an dlí reatha a choimeád agus nár cheart an cion a bhaineann le sárú ordaithe foréigin baile a athrú ina chion a bhféadfaí príosúnacht cúig bliana a ghearradh ina leith ar chiontú. I measc na bhfáthanna a thugtar sa Tuarascáil le haghaidh na conclúide sin, luaitear nach mbeadh athrú dá leithéid ag cloí le cuspóir ginearálta an *Achta um Fhoréigean Baile, 1996*, arb é is aidhm leis a áirithiú go bhféadann íospartaigh foréigin baile teacht ar chosaint éifeachtach trí bhíthin orduithe urchoisc agus orduithe sábháilteachta. D’fhéadfaí é sin a chur i mbaol dá ndéanfaí cion coiriúil an-tromaí de shárú ordaithe. Sonraítear freisin i dTuarascáil an Choimisiúin go bhféadann cúirt, faoin dlí reatha maidir le bannaí, coinníollacha a fhorchur lena dtoirmeasctar duine teagmháil a dhéanamh leis an duine a rinne iarraidh ar ordú urchoisc nó ar ordú sábháilteachta agus go bhféadtar bannaí an duine sin a cúlghairm má sháraíonn an cúisí coinníoll ar bith dá leithéid. Molann an Coimisiún freisin gur cheart leanúint de bheartas soiléir faoina n-ionchúisítear daoine maidir le sárú orduithe urchoisc agus orduithe sábháilteachta agus, anuas air sin, dá ndéanfaí bunchion tromaí leis, amhail ionsaí lena mbaineann díobháil nó ciapadh, ba cheart ionchúiseamh a dhéanamh ar an gcion sin freisin.

An dlí maidir le ciapadh agus foréigean baile: sa dara ceist a phléitear san Tuarascáil, féachtar an dtéitear i ngleic go leordhóthanach le fadhb na stalcaireachta i gcásanna foréigin baile trí chion an chiaptha atá san *Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997*. Sonraítear sa Tuarascáil go mbaineann formhór na n-ionchúiseamh as ciapadh le cásanna sa teaghlach féin, agus bíonn stalcaireacht le hiar-chéilithe agus le hiar-pháirtneírí i gceist go hiondúil. Faoin dlí reatha, déantar ciapadh ar dhuine “trína leanúint, trí fhaire a dhéanamh air nó uirthi, trína phlá nó trína plá, trí imdhruideadh a dhéanamh air nó uirthi nó trí dhul i gcumarsáid leis nó léi”, agus ní mór é sin a dhéanamh “go rialta”. Sonraítear i dTuarascáil an Choimisiúin go bhféadfaí duine a chiontú i gciapadh i gcás ina mbeadh eachtra fhada amháin de leanúint nó de phlá leanúnach i gceist mar thoradh ar an gceanglas go mbeadh an gníomh á dhéanamh “go rialta”. I gcomparáid leis sin, faoi dhlí Shasana, ní mór dhá chineál iompair faoi leith ar a laghad a bheith i gceist leis an gciapadh nó leis an stalcaireacht. Tá mar chonclúid ag an Tuarascáil go leagtar síos leis na ceanglais reatha in Acht 1997 tairseacha agus caighdeáin dlí iomchuí ar ceart iad a chomhlíonadh chun duine a chiontú i stalcaireacht. Sonraítear freisin sa Tuarascáil go mb’fhéidir nach gcuimseofaí faoin dlí reatha maidir le ciapadh roinnt cineálacha iompair dho-ghlactha atá ag teacht chun cinn, amhail úsáid na meán sóisialta chun faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a fhoilsiú. Tá sé mar chonclúid ag an gCoimisiún gur cheart féachaint air sin agus ar chineálacha eile cibearbhulaíochta mar chuid den tionscadal maidir leis an ábhar sin sa *Cheathrú Clár um Athchóiriú Dlí* dá chuid.

Gaolta Teaghlaigh agus Leanaí

Tá sé sonraithe i gClár Reachtaíochta an Rialtais, Seisiún an Earraigh-an tSamhraidh 2014 (Cuid A) go bhfoilseofar *Bille um Ghaolta Teaghlaigh agus Leanaí*, tar éis fhoilsiú Scéime de *Bhille um Ghaolta Teaghlaigh agus Leanaí* (bunaithe i bpáirt ar an *Tuarascáil maidir le Gnéithe Dílíthiúla de Ghaolta Teaghlaigh* (LRC 101-2010) dá chuid (an Tríú Clár um Athchóiriú Dlí, Tionscadal 23)) in 2013.

CAIBIDIL 3 ROCHTAIN AR REACHTAÍOCHT

RÉAMHRÁ

Is deacair d'úsáideoirí na reachtaíochta an dlí atá i bhfeidhm a dheimhniú. Is fadhb é sin a bhíonn ag daoine gairmiúla, ag an lucht déanta dlíthe, agus ag an bpobal. Féadtar leasuithe arís is arís eile a dhéanamh ar Achtanna agus ar Ionstraimí Reachtúla gan na leasuithe sin a chomhdhlúthú i bpíosa reachtaíochta amháin atá cothrom le dáta. Dá bhrí sin, is minic a bhíonn an dlí i dtaca le hábhar ar leith scaipthe i measc píosaí reachtaíochta éagsúla arna ndéanamh le roinnt mhaith blianta anuas, agus is gá na píosaí reachtaíochta sin ar fad a shainathint agus a léamh i gcomhar a chéile chun an dlí reatha a dheimhniú.

Cás míshásúil is ea é do gach lena mbaineann.

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal 'Rochtain ar Reachtaíocht' an reachtaíocht ina riocht reatha a dhéanamh inrochtana go héasca ar líne don phobal, mar a leasaítear seachas mar a achtaítear, agus faisnéis thábhachtach ghaolmhar eile a chur ar fáil. Cuimsítear leis an tEolaire Reachtaíochta, an Liosta Aicmithe Reachtaíochta agus Achtanna Athbhreithnithe.

Innéacs ar líne d'athruithe reachtacha ar an reachtaíocht atá san **Eolaire Reachtaíochta**, lena n-áirítear Achtanna ón tréimhse roimhe 1922 atá fós i bhfeidhm. Cuireann sé ar chumas úsáideoirí na leasuithe a théann i bhfeidhm ar pháosa reachtaíochta a shainathint, lena n-áirítear cásanna inar aisghaireadh forálacha, agus léirítear ann má bhíonn ordú um thosach feidhme de dhíth le go dtiocfaidh an fhoráil i bhfeidhm. Ó 2006 i leith, sonraítear ann freisin orduithe um thosach feidhme agus Ionstraimí Reachtúla gaolmhara eile arna ndéanamh faoi chumhachtaí in Acht.

Cuireann an **Liosta Aicmithe Reachtaíochta** ar chumas úsáideoirí teacht ar an reachtaíocht atá uathu. Foilsítear Achtanna an Oireachtais in ord croineolaíoch de réir bliana, ach níl siad eagraithe de réir ábhair. Dá bhrí sin, fiú má éiríonn le húsáideoir teacht ar Phríomh-Acht amháin an tAcht um an Dlí Teaghlaigh, 1995, ní chabhraíonn an reachtaíocht atá liostaithe in ord croineolaíoch leis an úsáideoir teacht ar aon reachtaíocht eile a bhaineann leis an dlí teaghlaigh nó leanaí. Tá os cionn 2,000 Acht i bhfeidhm liostaithe sa Liosta Aicmithe Reachtaíochta faoi 36 theideal ábhair. Dá bhrí sin, is féidir le húsáideoir, mar shampla, an reachtaíocht teaghlaigh ar fad a aimsiú faoi Theideal 17 agus an reachtaíocht ar fad ar Sheirbhísí Airgeadais agus ar Fhorais Chreidmheasa a aimsiú faoi Theideal 18.

Déanann an Coimisiún **Achtanna Athbhreithnithe** a tháirgeadh agus a fhoilsiú freisin ina léirítear gach Acht leasaithe i gcomhar leis na leasuithe ar fad a rinneadh air, anótáilte go hiomlán, in aon doiciméad soléite amháin. Leis sin, cuirtear ar chumas an léitheora féachaint ar an dlí mar atá, mar aon le faisnéis a fháil ar leaganacha a bhí i bhfeidhm roimhe sin. Ina theannta sin, is iomaí foráil in Achtanna nach mbíonn feidhm leo ar dháta an achtacháin agus ní bhíonn feidhm leo go dtí go gcuirtear chun feidhme iad le hordú um thosach feidhme arna dhéanamh ag an Aire ábhartha. Liostaítear gach ordú um thosach feidhme sna hAchtanna Athbhreithnithe ionas gur féidir leis an léitheoir a fheiceáil cé na forálacha den reachtaíocht a chuirtear chun feidhme agus cén uair.

AN tEOLAIRE REACHTAÍOCHTA

Lean an Coimisiún den Eolaire Reachtaíochta a thabhairt chun dáta in 2013 chun athruithe arna ndéanamh le hAchtanna agus le hIonstraimí Reachtúla araon a léiriú lena fhoilsiú ar láithreán gréasáin ríomh-Leabhar Reachtaíochta na hÉireann. Rinneadh cothabháil ar an Eolaire Reachtaíochta nua le haghaidh Ionstraimí Reachtúla ó 2000 go 2012 chun athruithe a rinneadh in 2013 a chur san áireamh.

LIOSTA AICMITHE REACHTAÍOCHTA

Liosta Aicmithe Achtanna

Rinneadh an Liosta Aicmithe Achtanna a athbhreithniú agus a thabhairt chun dáta faoi dhó in 2013 chun gach Acht nua agus aisghairthe a léiriú, agus foilsíodh é ar láithreán gréasáin an Choimisiúin.

Liosta Aicmithe Ionstraimí Reachtúla

Cuireadh taighde ar shainaithint stádas 35,000 Ionstraim Reachtúil a rinneadh ó 1922 agus a n-aicmiú i gcrích chomh fada le céim an chéad dréachta, agus scaipeadh é sin chuig ranna rialtais chun tuairimí agus aiseolas a fháil uathu i mí na Nollag 2012.

In 2013, cuireadh tús leis an obair athbhreithnithe ar thuairimí agus ar an aiseolas a fuarthas ó na ranna. Nuair a bheidh an liosta sin curtha i gcrích, soiléireofar stádas na nIonstraimí Reachtúla ar fad atá i bhfeidhm agus déanfaidh an liosta iad a aicmiú faoina nAchtanna cumasúcháin. Tá sé beartaithe go gcabhróidh an Liosta Aicmithe Ionstraimí Reachtúla le húsáideoirí deimhniú cén dlí atá i bhfeidhm, agus go gcabhróidh sé le ranna rialtais na hionstraimí atá as feidhm, spionta, neamhéifeachtach (mar gheall ar choinbhleacht le Conarthaí AE, mar shampla), dímholta agus míchuí a shainaithint d'fhonn iad a chúlghairm. Le cruthú an Eolaire Reachtaíochta le haghaidh Ionstraimí Reachtúla, is ann do bhunachar sonraí anois inar féidir cúlghairm ionstraimí a thaifeadadh agus a chur ar fáil ionas go mbeidh teacht éasca orthu do chách. Leis an athbhreithniú mór seo ar Ionstraimí Reachtúla, soláthrófar an bhunobair chun an Leabhar Reachtaíochta a ghlanadh suas agus a chuíchóiriú.

ACHTANNA ATHBHREITHNITHE

In 2013 rinne an Coimisiún 180 Acht Athbhreithnithe a ullmhú, a thabhairt chun dáta agus a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin. Cuimsítear leo tuairim is 100 Acht a úsáidtear go minic (mar shampla reachtaíocht maidir le fostaíocht, an teaghlach, trácht ar bhóithre, agus pleanáil), agus Achtanna ó 2006 i leith ar leasaíodh an téacs iontu, seachas Achtanna Airgeadais agus Achtanna Leasa Shóisialaigh.

In 2013, cuireadh nasc chuig liosta aibíre na nAchtanna Athbhreithnithe ar leathanach baile láithreán gréasáin Leabhar Reachtaíochta na hÉireann ionas go mbeidh na hachtanna níos feiceálaí d'úsáideoirí na reachtaíochta agus ionas go mbeidh sé níos éasca teacht orthu.

Is féidir féachaint orthu ag an seoladh seo a leanas:

<http://www.lawreform.ie/revised-acts/alphabetical-list-of-revised-acts.360.html>.

CAIBIDIL 4 RIARACHÁN

RÉAMHRÁ

Tá sé mar aidhm ag riarachán an Choimisiúin seirbhísí riaracháin chorparáidigh agus gnó chorparáidigh atá éifeachtach, nua-aimseartha agus gairmiúil a chur ar fáil don Choimisiún chun tacú leis a chuid cuspóirí a bhaint amach. Is é an toradh atá air seo timpeallacht shásúil oibre ina dtacaíonn aonaid riaracháin le hobair dhlí an Choimisiúin trí sheirbhísí sármhaithe tacaíochta gnó chorparáidigh a chur ar fáil, lena n-áirítear bainistíocht acmhainní daonna, bainistíocht airgeadais, tacaíocht dlí agus chorparáideach, teicneolaíocht faisnéise, agus seirbhísí leabharlainne agus faisnéise.

Tá struchtúr eagraíochta reatha an Choimisiúin (amhail mí na Nollag 2013) leagtha amach san Aguisín.

AN COIMISIÚN

Uachtarán agus ceathrar Coimisinéirí atá ar an gCoimisiún. An Rialtas a cheapann na Coimisinéirí ar feadh téarma suas le cúig bliana ar fhad, agus féadfar a gceapachán a athnuachan. Is iarbhreitheamh de chuid na hArd-Chúirte é Uachtarán an Choimisiúin, an Breitheamh Onórach John Quirke. Is abhcóide agus iar-Ard-Stiúrthóir ar Oifig an Ard-Aighne í an Coimisinéir lánaimseartha, Finola Flanagan. Is iad seo a leanas an triúr Coimisinéirí páirtaimseartha: Marie Baker, Abhcóide Sinsearach, an tOllamh Donncha O'Connell, Scoil an Dlí, OÉ Gaillimh, agus an tUasal Tom O'Malley, abhcóide agus ball de Scoil an Dlí, OÉ Gaillimh.

Déanann an Coimisiún moltaí don Rialtas maidir le hábhar an chláir um athchóiriú dlí, socraíonn sé ábhar aschur taighde an Choimisiúin (i bPáipéir Ceisteanna agus i dTuarascálacha), agus déanann sé cinntí tábhachtacha riaracháin agus airgeadais. Tagann an Coimisiún le chéile go foirmiúil deich n-uaire sa bhliain ar a laghad.

AN COISTE BAINISTÍOCHTA

An Coimisinéir Lánaimseartha, an Ceann Riaracháin, an Stiúrthóir Taighde agus an Bainisteoir Tionscadail a bhí ar Choiste Bainistíochta an Choimisiúin. Tháinig an Coiste Bainistíochta le chéile ar bhonn rialta le hathbhreithniú a dhéanamh ar gach saincheist mhór a bhaineann le feidhmiú éifeachtúil agus éifeachtach an Choimisiúin. Ceann de na príomhfhreagrachtaí atá ar an gCoiste is ea monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar ar bhaint amach na spriocanna atá leagtha amach i bPlean Gnó Bliantúil an Choimisiúin, plean a thugtar chun dáta ar bhonn ráithe.

AN FHOIREANN RIARACHÁIN

Ceann Riaracháin agus cúigear ball foirne a bhí i bhfoireann riaracháin agus leabharlainne an Choimisiúin amhail mí na Nollag 2013.

I rith 2013, bhí an fhreagracht fhoriomlán ar an bhfoireann riarachán as na nithe seo a leanas:

- Gach idirbheart airgeadais sa Choimisiún a bhainistiú agus a phróiseáil, agus tuairisciú orthu
- Cóiríocht agus bonneagar TF an Choimisiúin a bhainistiú
- Feidhm acmhainní daonna an Choimisiúin a bhainistiú
- Tacaíocht riaracháin a chur ar fáil don fheidhm thaighde
- Feidhmeanna riaracháin éagsúla a dhéanamh i ndáil le foilseacháin a sheoladh agus Tuarascálacha agus Páipéir Comhchomhairle a chur i gcló

Ina theannta sin, shocraigh an fhoireann Riaracháin cur i gcló agus dáileadh foilseacháin an Choimisiúin, agus pleanáil agus eagrú na dtascanna éagsúla a bhaineann le seoladh fhoilseacháin an Choimisiúin. Sholáthair an fhoireann seirbhísí bainistíochta imeachtaí agus seirbhísí corparáideacha a bhaineann le seoltaí agus le seimineáir freisin.

AN FHOIREANN TAIGHDE AGUS LEABHARLAINNE

Is é príomhról na foirne taighde dréacht-téacsanna a fhorbairt lena mbreithniú ag an gCoimisiún. Áirítear leis sin Páipéar Scóipe tosaigh a ullmhú le haghaidh tionscadail ina leagtar amach paraiméadair na réimsí atá faoi chaibidil. Sna céimeanna deiridh de thionscadal, áirítear leis dréacht a ullmhú de Pháipéar Ceisteanna nó de Thuarascáil agus, sa chás go measann an Coimisiún é a bheith oiriúnach, Páipéar Seimineáir a ullmhú.

An Fhoireann Taighde

Is é an Stiúrthóir Taighde, Raymond Byrne, atá ina cheann ar an bhfoireann taighde um athchóiriú dlí. Abhcóide is ea é, agus bhíodh sé ag obair leis an Scoil Dlí agus Rialtais in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath roimhe seo. Tá comhtháthú in aon tionscadal amháin, 'Rochtain ar Reachtaíocht', déanta ar thionscadail an Choimisiúin ar an Eolaire Reachtaíochta, ar an Liosta Aicmithe Reachtaíochta, agus ar Athráiteas an Dlí Reachtúil. Is é an bainisteoir tionscadail, Alma Clissmann, aturnae, a dhéanann maoirseacht ar an tionscadal aonair sin. Choinnigh an Coimisiún ocht bpost lánaimseartha do Thaighdeoirí Dlí in 2013. Ba iad taighdeoirí dlí ar chonarthaí sealadacha a líon na poist sin.

Déanann an Stiúrthóir Taighde an fhoireann taighde ar athchóiriú dlí a stiúradh agus a bhainistiú, agus tugann sé comhairle agus cúnaimh go ginearálta do na taighdeoirí d'fhonn aschur agus caighdeán oibre cuí a áirithiú. Áirítear leis sin taighde ginearálta cúlra a dhéanamh, Páipéir Scóipe a ullmhú, dréacht-doiciméid agus dréacht-leaganacha de Pháipéir Ceisteanna agus de Thuarascálacha a ullmhú lena mbreithniú ag an gCoimisiún. Tagann an Stiúrthóir, an Bainisteoir Tionscadail agus an fhoireann taighde le chéile go rialta mar ghrúpa chun tuairimí a mhalartú ar na réimsí ina bhfuil taighde á dhéanamh acu. Tugtar spreagadh do thaighdeoirí ailt a fhoilsiú in irisí dlí ábhartha i rith na tréimhse a chaitheann siad leis an gCoimisiún. Áirítear leis sin ailt ina ndéileáiltear le réimsí ina bhfuil an taighdeoir páirteach go gníomhach.

Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise

Is é príomhról leabharlann an Choimisiúin bheith ag coinne le riachtanais na gCoimisinéirí agus fhoireann taighde an Choimisiúin i ndáil le seirbhísí leabharlainne agus faisnéise, agus freagairt do na riachtanais sin.

Rinneadh athbhreithniú saineolaithe ar an tSeirbhís Leabharlainne agus Faisnéise in 2013. Rinneadh atheagrú agus nua-aoisiú cuimsitheach ar an tseirbhís mar thoradh air sin, rud a cuireadh i gcrích faoi dheireadh na bliana.

D'oibrigh an Bainisteoir Faisnéise Dlí/an Leabharlannaí i gcomhairle leis na foirne taighde chun rochtain thráthúil a chur ar fáil ar acmhainní nua leictreonacha agus cóipe crua. Scaiptear bullaitín inmheánach d'fhorbairtí reatha dlí, ina ndírítear ar shealbhuithe nua leabharlainne, ar an bhfoireann ar fad ar bhonn seachtainiúil.

AIRGEADAS

Ioncam agus caiteachas

Is trí dheontas i gcabhair ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a mhaoinítear an Coimisiún. Ba é **€2,301,139** an t-ioncam iomlán a fuarthas in 2013 ó gach foinse (lena n-áirítear deontas i gcabhair, glan-chistiúchán iarchurtha ó phinsin, aistriú chuig an gcuntas caipitiúil, díolachán foilseacháin, agus ioncam faighte ón Roinn Coimirce Sóisialaí).

Ba é **€2,298,400** an caiteachas in 2013. Cuimsítear sa chaiteachas sin tuarastail agus aoisliúntas na gCoimisinéirí agus na foirne, cíos agus forchostais áitribh, cothabháil leabharlann an Choimisiúin, cothabháil líonra TF an Choimisiúin, agus costais a bhaineann le cur i gcló agus dáileadh.

Íocaíochtaí Prasa

Níor thabhaigh an Coimisiún aon phionós as íocaíocht mhall le linn 2013 faoin *Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997*, arna leasú le *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002*.

An Coiste Iniúcháireachta

Déanann Coiste Iniúcháireachta Oifig an Ard-Aighne iniúchadh ar an gCoimisiún.

ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH

De réir *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtacht Fuinnimh na Críochúsáide agus Seirbhísí Fuinnimh), 2009*, (I.R. Uimh. 542 den 2009), agus Threoir 2006/32/CE, chinntigh an Coimisiún i rith 2013 gur ghlac sé gníomhartha iomchuí maidir le bearta caomhnaithe agus laghdaithe fuinnimh.

SOCRUITHE RIALACHAIS

Is ar an gCoimisiún atá freagracht agus cuntasacht fhoriomlán as gníomhaíochtaí an Choimisiúin. Tugann an Coiste Bainistíochta, an Fhoireann Riaracháin agus an

Fhoireann Taighde cúnamh don Choimisiún sa ról sin. Is é Ard-Stiúrthóir Oifig an Ard-Aighne an tOifigeach Cuntasaíochta don Choimisiún.


Meitseáiltear Príomhchuspóirí an Ráitis Straitéise ar leibhéal eagraíochta le spriocanna atá leagtha amach i bPlean Gnó an Choimisiúin. Tá spriocanna ráithiúla faoi gach cuspóir leagtha amach sa Phlean Gnó. Déanann an Coiste Bainistíochta monatóireacht ar bhonn rialta ar an dul chun cinn a dhéantar ar bhaint amach na spriocanna sin.

Déantar feidhmíocht na mball foirne aonair a bhainistiú tríd an CBFF (córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta).

Faoi nósanna imeachta cuntasaíochta atá i bhfeidhm faoi láthair, tarraingítear airgead anuas ó Oifig an Ard-Aighne ar bhonn míosúil trí Dheontas i gCabhair. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste monatóireacht ar rialuithe inmheánacha airgeadais agus ar chaiteachas an Choimisiúin ar bhonn bliantúil. Tá an Coimisiún faoi réir iniúchóireachta ag Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí Oifig an Ard-Aighne freisin.

Rinneadh Clár Rioscaí an Choimisiúin a thabhairt chun dáta den uair dheiridh i Samhain 2013, agus déanann an Coimisiún athbhreithniú rialta air.

Aguisín
CAIRT EAGRAÍOCHTA



Cairt Eagraíochta an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí amhail an 31 Nollaig 2013